BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

QQI AWARD

CLÁR ÁBHAIR

Fáilte ón gCathaoirleach 3

Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin 4

Baill Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí 5

Cuid 1: Ráiteas Misin agus Croíluachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí 6

Cuid 2: Tuarascáil na Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna 7

Cuid 3: Rialachas Corparáideach agus Airgeadas 27

Fáilte ón gCathaoirleach

Mar chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil 2016 a chur os bhur gcomhair. Cuireadh an tuarascáil bhliantúil seo i dtoll a chéile de réir Ailt 28 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus de réir Ailt 18 den Chód Rialachais um Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Soláthraíonn an tuarascáil bhliantúil forléargas den raon leathan gníomhaíochtaí agus gnóthachtála atá le sonrú inár gcuid Scoileanna, agus sna hIonaid Óige agus Breisoideachais agus Oiliúna i 2016.

Gné ar leith den bhliain seo is ea ceiliúradh náisiúnta agus áitiúil Chomóradh Céad Bliain 1916. Ar an 7ú lá de Mhí Mhárta d´fhreastail ár gcuid scoileanna ar Shearmanas Bronnta Náisiúnta na Brataí i bPáirc an Chrócaigh. D´fhreastail breis is 250 dalta ar Ócáid Chomórtha 1916 BOO Chiarraí Dé Máirt 12ú Aibreán. Ag an ócáid seo chuir daltaí saothar a bhí déanta acu féin sna réimsí seo: scríbhneoireacht chruthaitheach, óráidíocht phoiblí, scannánaíocht, cumadh ceoil, drámaíocht, filíocht agus na hamharc-ealaíona.

Thug an tArd-Rúnaí, ROS agus Ard-Rúnaí Cúnta, cuairt ar BOO Chiarraí Dé hAoine 29ú Aibreán 2016. Cuireadh tús leis an gcuairt le turas chuig an bPríomhoifig, áit ar chas siad ar dhaoine as gach Rannóg, agus áit a bhfuair siad léargas ar fheidhmiú BOO; bhí deis ag lucht riaracháin agus ag an bhfoireann béim a chur ar a gcuid tosaíochtaí. Thug siad cuairt freisin ar Iarbhunscoil Choláiste Ghleann Lí, ar Choláiste Breisoideachais Chiarraí agus ar Lárionad Oiliúna BOO Chiarraí, áit ar bhuail siad le lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann. Cuairt thábhachtach a bhí ann do BOO Chiarraí, a chuir deis ar fáil don BOO le hachoimre leathan a thabhairt ar a chuid pleananna, tosaíochtaí, dúshlán, deiseanna, srl.

I Mí Mheán Fómhair 2016, d´óstáil BOO Chiarraí Comhdháil náisiúnta BOOÉ i gCill Airne, áit ar chuir cuid de bhuaiteoirí Ócáid Chomórtha 1916 siamsaíocht ar fáil os comhair lucht féachana náisiúnta d´ionadaithe ó BOO ar fud na tíre.

Is mian liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil le mo Leaschathaoirleach, Terry O´Brien, le gach Ball den Bhord, de na Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais agus leis na Boird Bhainistithe ar fad as a gcuid cabhrach i 2016.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis na Stiúrthóirí agus leis an bhfoireann ar fad as a dtiomantas d´fhorbairt agus d´fheabhsú leanúnacha ghníomhaíochtaí agus acmhainneacht todhchaí na heagraíochta maidir le hoideachas agus oiliúint a sheachadadh de réir an chaighdeáin is airde ar fud an chontae seo a mbímid ag obair ar a shon.

An Cmhlr. Jim Finucane
An Cathaoirleach

RÉAMHRÁ LEIS AN bPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Tugann tuarascáil bhliantúil BOO Chiarraí deis don eagraíocht machnamh a dhéanamh faoin raon cuimsitheach seirbhísí a chuirtear ar fáil ag ár gcuid iarbhunscoileanna, ag ár gcuid ionad breisoideachais agus oiliúna, ag na seirbhísí oibre óige agus i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le grúpaí pobail eile chun cláir a sheachadadh a dhéanann freastal ar riachtanais éagsúla na bpobal áitiúil ar fud Chiarraí. Thug an Tuarascáil Bhliantúil seo aghaidh freisin ar ghnéithe gaolmhara rialachais chorparáidigh agus airgeadais obair an BOO le linn 2016.

Bliain athraithe a bhí i 2016 agus bhí de thoradh ar an bpróiseas náisiúnta deartha eagraíochtúil struchtúr athbhreithnithe ag leibhéal an riaracháin shinsearaigh do na BOO. I gcás BOO Chiarraí bhí mar chuid den struchtúr athbhreithnithe seo faomhadh 3 phost Stiúrthóra – Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúla. Cuireadh fáilte roimh fhaomhadh struchtúr na foirne nua bainistíochta sinsearaí, rud a sholáthair an struchtúr d´eagrú ár gcuid seirbhísí oideachais agus oiliúna faoi na trí cholún seo a leanas:

- Scoileanna, Aos Óg agus Ceol
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil

Le Ann O´Dwyer mar Stiúrthóir Scoileanna, an Aosa Óig agus Ceoil, ceapadh Owen O´Donnell mar Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BO&O) agus Maria Brennan mar Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúla (TFO), tá an fhoireann nua shinsearach bhainistíochta iomlán anois. Soláthraíonn an struchtúr nua foirne bainistíochta sinsearaí an deis maidir le roinnt na bhfreagrachtaí trasna réimsí thrí cholún na heagraíochta.

Is iomaí forbairt shuntasach a tharla ar fud na heagraíochta i 2016 i ngach réimse de sheachadadh na seirbhíse oideachais agus oiliúna. Ag cur san áireamh méid an athraithe ó bunaíodh an BOO i 2013, i dtreo dheireadh 2016 ba i lár an aonaigh a bhí an gá atá ann le forbairt ráitis straitéise cúig bliana don BOO mar phríomhthosaíocht do 2017.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do Chathaoirleach BOO Chiarraí, Jim Finucane, as a chomhoibriú agus as a thacaíocht ghníomhach maidir le cur chun cinn ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus do gach ball den Bhord as a dtiomantas agus a dtacaíocht i 2016. Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le baill ár mBord Bainistíochta, agus le baill Fhóraim na dTuismitheoirí agus na nDaltaí as bheith chomh flaithiúil sin lena gcuid ama agus as a gcion oibre i dtaca le BOO Chiarraí.

Le linn 2016 chuaigh roinnt ball foirne ar scor óna bpost; is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a dtiomantas don eagraíocht agus guím gach rath agus dea-shláinte orthu agus iad ar scor. Is í sócmhainn is mó na heagraíochta ná ár bhfoireann agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad sa Cheannoifig, inár gcuid scoileanna agus inár gcuid ionad as bliain rafar eile a chinntiú do BOO Chiarraí.

Táimid ag dréim, go muiníneach, le forbairt leanúnach BOO Chiarraí i 2017.

Colm Mc Evoy
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Baill Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

D´fhreastail na daoine seo a leanas mar bhaill de BOO Chiarraí i 2016:

Ionadaithe Áitiúla	An Cmhlr. John Brassil*
	An Cmhlr. Séamus Cosaí Fitzgerald
	An Cmhlr. Jim Finucane
	An Cmhlr. Norma Foley
	An Cmhlr. Norma Moriarty
	An Cmhlr. Terry O'Brien
	An Cmhlr. Damien Quigg
	An Cmhlr. Michael Cahill
	An Cmhlr. Toiréasa Ferris
	An Cmhlr. John Francis Flynn
	An Cmhlr. Jimmy Moloney
	An Cmhlr. Dianne Nolan
	An Cmhlr. Aoife Thornton
Ionadaithe Foirne	Leonard O'Donnell (RIP)
	Maryanne Slattery
Ionadaithe na dTuismitheoirí	Debbie Brosnan**
	Hugh O'Connell
	Francisse Walsh
Ionadaithe na gComhlachas Sceideal 30(11) Acht BOO 2013	An tAth. Ger Godley
	Mary McGillycuddy
	Maria O'Gorman
	Brid McElligott
	Eugene Moriarty

***D´éirigh an Cmhlr. John Brassil as tar éis dó bheith tofa mar TD**

****Debbie Brosnan - athrú mar Ionadaí na dTuismitheoirí**

Cuid 1: Ráiteas Misin agus Croíluachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

RÁITEAS MISIN BOO CHIARRAÍ

Forbairt sochaí foghlama ar feadh an tsaoil a chruthú agus a chur chun cinn i gCiarraí, sa tslí go mbeidh teacht ag gach duine atá ina chónaí i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint sin atá riachtanach chun a bpoitéinseal a chomhlíonadh agus chun freastal a dhéanamh ar a gcuid riachtanas pearsanta, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíoch agus sibhialta.

CROÍLUACHANNA BOO CHIARRAÍ

Tá ár gcuid croíluachanna dírithe ar chinntiú go bhfuil ceart ag gach duine ar rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun barr a gcumais a bhaint amach. Is iad na luachanna seo ná: Meas, Ardchaighdeán, Comhionannas, Cuimsiú agus Foghlaim.

Cuid 2: Tuarascáil na Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna

Seirbhísí Iarbhunscoileanna agus Óige

Tá ocht nIarbhunscoil ag BOO Chiarraí. Seo a leanas na Rollaí Príomhshrutha i scoileanna BOO Chiarraí do 2016:

2015/16 – Daltaí Iarbhunscoile, Iomlán: 2,421
2016/17 – Daltaí Iarbhunscoile, Iomlán: 2,415

TIONSCNAMH BOO CHIARRAÍ UM FHORBAIRT SCOILEANNA, SAIBHRIÚ FOGHLAMA (FSSF)

Bliain an-rafar a bhí i 2016 do Thionscnamh FSSF BOO Chiarraí. Lean BOO Chiarraí air, in éineacht le Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (FGM), An Timthriall Sóisearach do Mhúinteoirí (TSM), an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (SNTI) agus Lucht Bainistíochta Scoile orthu de bheith ag soláthar clár cuimsitheach Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) agus tacaíochta do mhúinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) agus do Lucht Bainistíochta Scoile iad féin.

LUCHT BAINISTÍOCHT SCOILE

Ghlac Príomhoidí agus Leasphríomhoidí páirt i CPD faoi Chleachtas Machnamhach don Cheannaireacht Éifeachtach. Soláthraítear an clár ó thaithí seo ag an gClár Oideachais Sóisialta agus Sláinte (COSS). Chuir an lucht bainistíochta luach an-ard ar an gcleachtas machnamhach agus is spéis leo leanúint ar agaidh leis an tionscnamh seo sna blianta atá amach romhainn. I 2016, eagraíodh roinnt ceardlann breise faoi na gnéithe éagsúla a bhaineann le pleanáil don Timthriall Sóisearach nua, le cinntiú go dtugtar lántacaíocht do scoileanna le linn a chur i bhfeidhm éifeachtaigh.

CEANNAIREACHT THEAGASCACH

Eagraíodh Cohórt 9 de Chlár Cheannaireacht Theagascach (CT) BOOÉ i gCeatharlach i bhfómhar na bliana 2016. D´fhreastail cuid mhór daoine ó BOO Chiarraí. Bhí an t-aiseolas an-dearfach, mar a bhíonn i gcónaí, agus b´iontach an rud é raon chomh héagsúil sin modheolaíochtaí agus straitéisí a fheiceáil agus iad á n-úsáid ar fud na scoileanna. Aithníonn Meastóireachtaí ar an Ábhar agus ar an Scoil uile (MSU) caighdeán maith, an-mhaith agus ar fheabhas an teagaisc agus na foghlama i seomraí ranga BOO Chiarraí. Aithníodh an múnla de bheith ag roinnt eolais trí Choistí Teagaisc agus Foghlama i scoileanna agus i gCoiste Teagaisc agus Foghlama BOO Chiarraí, mar fhorbairt an-dearfach.

OILIÚINT AR LÍNE FSSF BATTELLE – DALTAÍ A CHUR I LÁR AN AONAIGH MAIDIR LE FOGHLAIM

Bhí ríméad ar BOO Chiarraí bheith in ann FGL a rolladh amach le freastal a dhéanamh ar riachtanais na múinteoirí nuair is féidir an oiliúint a chur i gcrích ar líne, aon am agus aon áit. Forbraíodh an oiliúint seo in Ohio; tá sí bunaithe ar fhianaise agus réitíonn sí go han-mhaith le riachtanais ROS, FMS agus MSI, le Curaclam Folláine an Timthriaill nua Shóisearaigh agus freisin le Tosaíochtaí FSSF BOO Chiarraí. D´oibrigh foireann na Ceannoifige le comhghleacaithe ó BOO Luimnigh agus an Chláir go déanach i Mí Lúnasa le clár oiliúna trí lá a chur i gcrích faoi Battelle. Ar fhilleadh go Ciarraí dóibh, cuireadh clár oiliúna i bhfeidhm do lucht bainistíochta scoile agus do Cheannairí Foghlama i scoileanna. Bhí an t-aiseolas go dtí seo an-dearfach. Is maith leis na múinteoirí gur féidir leo oiliúint ar Líne FSSF a dhéanamh le

linn a gcuid uaireanta ´Pháirc an Chrócaigh´ i gcomhar le baill Rannóige Ábhair agus is maith leo freisin go bhfuil teastas cur i gcrích ar fáil tar éis ´ama shuíocháin´ de 1 go 2 uair an chloig. Bíonn acmhainní ar fáil go réidh ar an suíomh idirlín do na réimsí sin a bhfuil aird á díriú orthu do staidéar breise agus cuirtear fáil roimh an deis guth an dalta a chloisteáil. Tá luach ollmhór Shuirbhé Thaithí an Dalta tugtha faoi deara ag múinteoirí, suirbhé a chlúdaíonn na réimsí seo: Dóchas, Muintearas agus Rannpháirtíocht an Dalta, Bainistiú an tSeomra Ranga agus tábhacht na gCleachtas Múnlaitheach Teagascach.

FOLLÁINE

Bhí sé de phléisiúr ag foireann BOO Chiarraí bheith ag obair le Foireann an Timthriaill Shóisearaigh maidir leis na Treoirlínte Folláine a foilsíodh i 2016. Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh beidh mar chuid den réimse Folláine foghlaim ar ghnách é a dhéanamh sa rang CO, OSPS, Treorach agus OSSP. Pléadh féidearthachtaí socraithe amchláir leis na Foirne Bainistithe. Beidh suas le 400 uair an chloig ar fáil le haghaidh foghlama i réimse na Folláine, ag tosú le híosmhéid de 300 uair an chloig de rannpháirtíocht socraithe amchláir ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, ag dul ar aghaidh go dtí an líon iomlán ama de réir mar a chuirtear an Timthriall nua Sóisearach i bhfeidhm go hiomlán sna scoileanna. Le linn na scoilbhliana seo bhí mar chuid den chlár FSSF na réimsí seo a leanas inseirbhíse, iad dírithe ar obair atá ríthábhachtach do leas na ndaltaí: Seiceáil agus Ceangail, ALERT, SafeTALK, Cairde don Saol, Mo Chairde: Aos ÓG, Aireachas agus Oiliúint Lockers, gan ach cuid de na réimsí inseirbhíse a chuirtear ar fáil a ainmniú.

FOIRNE CÚRAIM TACAÍOCHTA DALTAÍ

Forbraíodh tuilleadh an múnla tacaíochta agus cúraim do dhaltaí i scoileanna ar fud na scéime i mbliana, le tacaíocht ó Phríomhoide SNTI Scoil N. Labhráis Uí Thuathail, Baile Uí Lachnáin, a thug cuairt ar Chiarraí i Mí Dheireadh Fómhair agus a roinn an fhoghlaim óna scoil le Príomhoidí. Is scoil DEIS í Scoil N. Labhráis Uí Thuathail a fheidhmíonn córas Isteach/Amach i gcomhar le cláir ALERT agus Seiceáil agus Ceangail. Tá simplíocht agus éifeachtúlacht an chórais Isteach/Amach i dtéarmaí tacaíocht, taifeadadh, monatóireacht agus meastóireacht na dtacaí atá i bhfeidhm an-suntasach ar fad. Tá an múnla infheidhmithe i ngach earnáil agus moladh go forleathan é i scoileanna BOO Chiarraí. Réitíonn an múnla go hiomlán leis na Treoirlínte Folláine a foilsíodh le déanaí, agus tá sé ag déanamh difir d´ár gcuid daltaí agus iad ar a dturas oideachais. Thaistil roinnt ball foirne de chuid BOO Chiarraí go Scoil N. Labhráis Uí Thuathail i Mí Aibreáin, áit ar cuireadh fáilte mhór chroíúil rompu chomh maith le flaithiúlacht dearcaidh agus acmhainní.

Bhí an oiliúint SNSO Cairde don Saol, a tionóladh i Mí Aibreáin freisin, ar fheabhas agus nuair a chuirfear i bhfeidhm tuilleadh é inár gcuid scoileanna rachaidh sé chun tairbhe ár gcuid daltaí agus ár gcuid múinteoirí go mór, mar chuid de Chlár Folláine an TS nua. Forbairt an-dearfach a bhí i bhfeabhsú mhúnla tacaíochta na Foirne Cúraim d´ár gcuid daltaí le linn na bliana scoile seo, agus príomhthacaíocht a bheidh ann don FSSF i 2017/2018.

SEICEÁIL AGUS CEANGAIL

Seachadadh Oiliúint Seiceáil agus Ceangail ag SNTI ar fud roinnt d´ár scoileanna i mbliana. D´éirigh go maith leis an gclár agus tá sé ag feidhmiú go han-éifeachtach inár gcuid scoileanna. Tá na cruinnithe socruithe idir daltaí agus múinteoir ceaptha ag déanamh fíordhifir do shaol na ndaltaí sin atá rannpháirteach ann agus réitíonn siad go hiomlán réidh le Treoirlínte Folláine an Timthriaill Shóisearaigh.

OILIÚINT ALERT

D´fhreastail múinteoirí ó scoileanna ar fud na scéime ar Oiliúint ALERT a reáchtáladh ag SNTI i gcomhar le baill fhoirne Choláiste na Tríonóide ar feadh dhá lá i Mí Feabhra. Tharla na seisiúin sa Ráth agus thug siad deis dúinn bualadh le múinteoirí ó na contaetha máguaird. Is clár den scoth é ALERT ina dtugtar oiliúint do dhaltaí agus mar a dtugtar tacaíocht dóibh le féinrialú a dhéanamh. Bhí an t-ábhar agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil dúinn ar fheabhas.

OILIÚINT LOCKERS

Bhí SFGM ag obair le Lucht Bainistíochta na Scoileanna, Comhairleoirí Treorach, baill na Foirne Cúraim agus múinteoirí OSPS ar an gclár nuafhorbartha Lockers, a sholáthraíonn faisnéis agus acmhainní do scoileanna faoin téama de Roinnt Íomhánna Gáirsiúla Féinghinte. Bhí an oiliúint ar fheabhas agus tá a gcuid doiciméad polasaí nuashonraithe ag a lán scoileanna de réir na riachtanas.

AIREACHAS

Bhí deis ag múinteoirí RSO agus ag CRS bheith ag obair ar an Aireachas i mbliana. Bhí na seisiúin ar fheabhas agus feistíodh idir mhúinteoirí agus CRS leis na scileanna riachtanacha le bheith ag obair le daltaí le cabhrú leo le bheith in ann ag a gcuid struis siúd agus bheith ábalta bheith in ann ag a gcuid struis féin ag an am céanna, agus comhbhá a léiriú dóibh féin.

INSEALBHÚ MÚINTEOIRÍ NUA

D´oibrigh SNTI le múinteoirí nuacheaptha ar 18 Deireadh Fómhair 2016. Ba iad dea-chleachtas agus an Seomra Ranga Dearfach na hábhair a clúdaíodh an tráthnóna sin. D´fhoghlaim an fhoireann nua faoi fhoilseacháin de chuid na Comhairle Múinteoireachta agus faoin gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus Microsoft 365 do Theagasc agus d´Fhoghlaim ag a ndara cruinniú. D´oibrigh múinteoirí BOO Chiarraí leis na múinteoirí nua ar chlár ar líne FSSF Battelle do dhá sheisiún. Roinn na múinteoirí an taithí dhearfach a bhí acu de Shuirbhé Taithí Dhaltaí Battelle agus mhol siad go hard na modúil a bhí curtha i gcrích acu féin chomh maith leis an raon ollmhór acmhainní atá ar fáil ar shuíomh idirlín Battelle.

GAEILGE

Bhí sé de phléisiúr ag múinteoirí Gaeilge bheith ag obair le SFGM agus le hOifigeach Gaeilge BOO Chiarraí le linn na bliana scoile seo. Ar na hábhair a clúdaíodh bhí Ceol agus Ceapadóireacht – ag úsáid fuaimeanna le daltaí a spreagadh le gearrscéal a scríobh. Roinn an tOifigeach Gaeilge an obair a forbraíodh maidir le sealbhú na Gaeilge. I mbliana arís eile coinníodh an fócas ar an Teicneolaíocht, agus múinteoirí ag úsáid Quizlet/Padlet agus Kahoot. Tacaíodh le múinteoirí agus iad ag roinnt a gcuid pleananna ar Microsoft 365. Chuidigh sé go mór le gach duine bheith ag obair ar Phleananna Rannóige Ábhair ar bhonn comhoibríoch.

EACNAMAÍOCHT BHAILE

Bhuail múinteoirí Eacnamaíochta Baile le Lucht Ceannaireachta agus le hOifigeach Forbartha BOOLC i mbliana agus d´oibrigh siad ar Chomhairliúchán CNCM faoin Eacnamaíocht Bhaile. Bhí áthas orthu deis a bheith acu bheith ag obair le chéile le bonn eolais a chur faoi Churaclam Eacnamaíochta Baile CNCM. Bhí deis ag múinteoirí freisin tuiscint a roinnt faoi thionscadail agus faoi scrúduithe praiticiúla ROS.

EALAÍN

Bhuail múinteoirí ealaíne le chéile i mbliana do ´Chruinniú Teagaisc´ (Teach Meet) den chéaduair. Acmhainn agus taca cumasach a bhí i Microsoft 365 maidir le hEalaín a theagasc.

BEOCHAN

D´oibrigh múinteoirí Ealaíne BOO Chiarraí le saineolaí beochana go luath san fhómhar faoi chúrsaí Beochana. D´fhág múinteoirí an seisiún agus na scileanna riachtanacha acu le bheith ag obair ar bheochan ina scoil féin.

NUATHEANGACHA IASACHTA

D´fhreastail múinteoirí Nuatheangacha Iasachta ar sheisiún i mbliana le SFGM faoi Chothú Ionbhá agus gníomhartha Comhbhá sa Seomra Ranga. Bhí na múinteoirí a d´fhreastail ar an ócáid d´aon intinn go gcabhraíonn an dúshlán a bhaineann le foghlaim teanga iasachta le hionbhá a chothú i dtaca le heachtrannaigh agus daoine eile ar féidir go bhfuil míchumas teanga acu. Tógtar scileanna ionbhá trí dhaltaí a theagasc le bheith ag ainmniú mothúchán sa teanga iasachta, bheith ag éisteacht le daoine eile, bheith ag comhoibriú le chéile, ag rólimirt, trí bheith ag gabháil do scéalaíocht agus do dhialóg báúil.

SCRÚDUITHE BÉIL AN TIMTHRIAILL SHÓISEARAIGH

Tá Scrúduithe Béil an Timthriaill Shóisearaigh ag dul ó neart go neart. Eagraíodh scrúduithe i nGaeilge, i bhFraincis agus i Spáinnis i mbliana. Is mór le daltaí agus le múinteoirí an deis a bheith ann Scrúduithe Béil a dhéanamh ag leibhéal an Timthriaill Shóisearaigh, ós rud é go mbíonn níos mó muiníne ag daltaí dá bharr, agus iad ag tabhairt faoi scrúduithe Béil na hArdteistiméireachta.

AN IDIRBHLIAIN (IB)

Bhuail Comhordaitheoirí IB le SFGM i mbliana agus d´oibrigh siad ar leabhrán nuafhorbartha Chomhordaitheoirí ID SFGM. Dar leis na múinteoirí go bhfuil an acmhainn seo an-úsáideach agus tá áthas orthu go bhfuil SFGM sásta cuairt a thabhairt ar scoileanna agus bualadh le baill fhoirne. Bhí an líonrú agus an comhoibriú idir múinteoirí ar fheabhas.

RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS (RSO)

Roinn Múinteoirí RSO BOO Chiarraí a dtaithí agus a bhfoghlaim dhearfach ó Mheastóireachtaí ar an Scoil Uile agus ó Iniúchtaí Ábhair a rinneadh le déanaí, ag Cruinniú Teagaisc RSO. Chuidigh na moltaí a rinne Cigireacht ROS go mór le Rannóga RSO agus iad i mbun pleanála agus seachadta. Am athraithe a bhí i 2016, le teacht an Mhúnla Nua do Leithdháileadh Acmhainní Teagaisc do Scoileanna Príomhshrutha le Tacú le Daltaí le RSO agus leis na Treoirlínte nua chun iarratas a chur isteach ar Chomhréitigh Réasúnta ag Scrúduithe Teastais 2017. Chabhraigh na Cruinniú Teagaisc agus an comhoibriú idir comhghleacaithe go mór leis an bhfaisnéis agus na riachtanais a phróiseáil. Bhain na múinteoirí sult as an seisiún faoi Féinchúram agus faoi Aireachas. I rith an lae cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith in ann ag a strus féin chun cabhrú le daltaí bheith in ann ag a strus siúd.

OILIÚINT DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAIS SPEISIALTA (CRS)

Bhí clár éagsúil inseirbhíse ag ár gcuid CRS ar fud na scéime i mbliana. Cuireadh oiliúint ar fáil faoi Cheisteanna Leighis, faoi Idirghabháil Theiripeach Ghéarchéime. Thug TUSLA ionchur faoi Threoirlínte Cosanta Leanaí.

AN TEASTAS SÓISEARACH – CLÁR FOGHLAMA LEIBHÉAL A DÓ (L2LP)

Bhuail múinteoirí RSO, Príomhoidí agus Leasphríomhoidí le JCT le breathnú ar na L2LP nua JCT, atá ar fáil do dhaltaí le Míchumais Intleachtúla ísle, measartha nó arda. Rinne an grúpa athbhreithniú ar na cúig Aonad Foghlama Tosaíochta (AFT) atá i gcroílár gach L2LP. Is iad na cúig AFT ná Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Cúram Pearsanta, Maireachtáil i bPobal agus Ullmhú don Obair. Ullmhaíonn an clár daltaí do dheiseanna, do fhreagrachtaí agus do thaithí an tsaoil oibre agus an tsaoil mar dhuine fásta agus na foghlama ar feadh an tsaoil.

FÓRAM NA nDALTAÍ

Chas an Fóram ar a chéile trí huaire i mbliana agus roinn siad a dtaithí ar fud na scoileanna. Bíonn daltaí rannpháirteach maidir lena gcion a chur le Forbairt agus le hathbhreithniú Polasaí agus tá an-dul chun cinn déanta acu i dtaca le Bia Sláintiúil i gceaintíní. Tá na daltaí ag cothú aclaíochta agus corpacmhainne i measc a gcuid piaraí agus a gcuid múinteoirí.

TFC

Is é cuspóir Thionscadal na Scoileanna Digiteacha ná comhoibriú a fheabhsú idir múinteoirí, agus idir múinteoirí agus daltaí, ag treisiú néalteicneolaíochtaí (Office365) le tacú le modheolaíochtaí foghlama gníomhaí (Ceannaireacht Theagascach), ag cur ar chumas na múinteoirí agus na ndaltaí athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar taobh amuigh d´fhoirgneamh na scoile agus cinntiú go bhfuil scileanna digiteacha ceannródaíocha ag ár gcuid daltaí.

Tacaíonn foireann mhúinteoirí i ngach scoil leis na múinteoirí agus leis na daltaí eile. Le linn na bliana scoile seo bunaíodh cuntais Office365 do dhaltaí i ngach ceann d´ocht scoil BOO Chiarraí. Fuair daltaí treoracha maidir le conas uirlisí Office365 a úsáid ina gcuid ranganna ríomhaireachta. I gcuid d´ár gcuid scoileanna tá gach dalta ag baint úsáid ghníomhach as a gcuntas, ach i scoileanna eile tá an úsáid seo teoranta do bhlianta áirithe. Tá OneNote á úsáid ag rannóga ábhair agus i suíomhanna seomra ranga i roinnt scoileanna de chuid BOO Chiarraí. Tá ríomhairí glúine SharePoint agus OneNote á n-úsáid le faisnéis a roinnt idir baill fhoirne, mar shampla coimeádtar gach doiciméad a bhaineann le cruinnithe, miontuairiscí agus cláir oibre Phríomhoidí, agus aon doiciméid eile, i ríomhaire glúine roinnte OneNote a bhfuil gach Príomhoide ceangailte leis.

Bunaíodh grúpa Pobail Chleachtais i mbliana agus tionóladh dhá chruinniú le dea-chleachtas a roinnt agus le pleanáil a dhéanamh do ghearrchúrsa Litearthachta Digití an Timthriaill Shóisearaigh, a bhfuil sé beartaithe ag na 8 scoil é a sheachadadh. Múineadh códú i gceithre scoil agus tá sé beartaithe ag roinnt scoileanna gearrchúrsa Códaithe an Timthriaill Shóisearaigh a sheachadadh.

Tharla seisiúin oiliúna faoi OneNote, Office Mix (ina gcruthaítear ábhar teagaisc físeáin do dhaltaí), faoi ríomhphost, faoin bhféilire, faoi SharePoint agus OneDrive (is cineálacha néalstórála iad an dá rud) agus tá múinteoirí tar éis tosú ar ghlacadh le ról ceannaireachta maidir leis an oiliúint seo a chur ar fáil dá gcuid comhghleacaithe ina scoileanna.

Tá triail bainte againn freisin ar Theilgean gan Sreang i roinnt scoileanna, mar ar féidir le múinteoirí an scáileán coiteann atá sa seomra a rialú óna ngléas agus iad ag siúl thart ar an seomra ranga ag tacú leis na daltaí; d´éirigh go maith leis seo agus tá sé i gceist againn é a chur ar fáil do níos mó múinteoirí sna hocht scoil i 2017.

MATA

Bunaíodh COP Mata i mbliana agus tionóladh dhá chruinniú. Eagraíodh oiliúint faoi dhearadh ceachtanna, cluichiú agus GeoGebra agus éascaíodh í ag foireann Fhorbartha Mata ROS.

PRÓIFÍLÍ IARBHUNSCOILEANNA

	Coláiste Pobail Oileán Ciarraí, Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7141196; **Ríomhphost**: info@castleislandcc.com; **Suíomh Idirlín**: www.castleislandcc.ie	
	Príomhoide: Carmel Kelly	**Leasphríomhoide:** Theresa Lonergan
	Cathaoirleach BB: Hugh O'Connell	
	Rolla 2015/2016: 260	**Rolla 2016/2017:** 231

	Scoil Chuimsitheach an Tóchair, An Tóchar, Co. Chiarraí **Fón**: 066 7131197; **Ríomhphost** admin@causeway.ie; **Suíomh Idirlín**: www.causewaycs.ie	
	Príomhoide: Cathal Fitzgerald	**Leasphríomhoide:** Ann Marie Hassett
	Cathaoirleach BB: John Brassil/Aoife Thornton	
	Rolla 2015/2016: 556	**Rolla 2016/2017:** 521

	Coláiste Gleann Lí, An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí **Fón**: 066 7122552; **Ríomhphost**: office@gleannli.ie **Suíomh Idirlín**: www.gleannli.ie	
	Leasphríomhoide i gCeannas: Richard Lawlor	
	Cathaoirleach BB: An Cmhlr. Terry O'Brien	
	Rolla 2015/2016: 125	**Rolla 2016/2017:** 147

	Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail, Co. Chiarraí **Fón**: 068 21023; **Ríomhphost**: principal@colaistenariochta.ie; **Suíomh Idirlín**: www.colaistenariochta.ie	
	Príomhoide: Stephen Goulding	**Leasphríomhoide:** Eva Enright / Iseult Glynn
	Cathaoirleach BB: Dick Carmody	
	Rolla 2015/2016: 56	**Rolla 2016/2017:** 62

Coláiste na Sceilge Cathair Saidhbhín	**Coláiste na Sceilge**, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí **Fón**: 066 9473335; **Ríomhphost**: info@colaistenasceilge.ie; **Suíomh Idirlín**: www.colaistenasceilge.ie	
	Príomhoide: John O'Connor	**Leasphríomhoide:** Ann Marie Killen
	Cathaoirleach BB: Liam McGill	
	Rolla 2015/2016: 486	**Rolla 2016/2017:** 462

Gaelcholáiste Chiarraí	**Gaelcholáiste Chiarraí**, Tobar Mhaigh Dor, Trá Lí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7121650; **Ríomhphost**: eolas@gcchiarrai.ie; **Suíomh Idirlín**: www.gcchiarrai.ie	
	Príomhoide: Austin Ó Seachnasaigh	**Leasphríomhoide:** Ruairí Ó Cinnéide
	Cathaoirleach BB: Tomás Ó Conchúir	
	Rolla 2015/2016: 325	**Rolla 2016/2017:** 359

Killarney Community College	**Coláiste Pobail Chill Airne**, An Bóthar Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí. **Fón**: 064 6632164; **Ríomhphost**: kcccom@iol.ie: **Suíomh Idirlín**: www.killarneycc.ie	
	Príomhoide: Fiona O'Brien/ Stella Loughnane	**Leasphríomhoide:** Stella Loughnane/ Eilish O'Leary
	Cathaoirleach BB: Mary McGillycuddy	
	Rolla 2015/2016: 384 **IAT:** 14	**Rolla 2016/2017:** 375 **IAT:** 20

Killorglin Community College	**Coláiste Pobail Chill Orglan**, Cill Orglan, Co. Chiarraí **Fón**: 066 9761168; **Ríomhphost**: info@killorglincc.ie; **Suíomh Idirlín**: www.killorglincc.ie	
	Príomhoide: Con Moynihan	**Leasphríomhoide:** Donal O'Reilly
	Cathaoirleach BB: Emmett Spring	
	Rolla 2015/2016: 229	**Rolla 2016/2017:** 258

Obair Óige

Oifigeach Oibre Óige: Miriam Galvin
Coláiste Chill Orglan, Sráid Langford, Cill Orglan, Co. Chiarraí.
Fón: 066 7193900
Rphost: mgalvin@kerryetb.ie; **Suíomh Idirlín**: www.kerryetb.ie

Bíonn earnáil na hOibre Óige ag obair go gníomhach le daoine óga taobh amuigh, ach in éineacht leis an earnáil fhoirmeálta oideachais. Sainmhínítear Obair Óige mar:

"Clár pleanáilte oideachais atá deartha don chuspóir de bheith ag cabhrú le agus ag cur feabhas ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta dhaoine óga trína rannpháirtíocht dheonach, agus atá–

(*a*) Comhlántach lena n-oideachas agus lena n-oiliúint fhoirmeálta, acadúil nó ghairme; agus
(*b*) A sholáthraítear go príomha ag eagraíochtaí deonacha oibre óige."

(An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001, Alt 3)

Is í an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige **príomhfhoinse mhaoinithe** na Roinne agus is di a dhéantar **tuairisciú**

Scéim Dheontais Chlub Óige Áitiúil LGLÓ 2016-Meándeontas in aghaidh an chlub/an ghrúpa €632

Achoimre na ngrúpaí sin a mhaoinítear ag BOO Chiarraí	Baill CNÓ	Neamhbhaill CNÓ	Iomlán
Grúpaí in eagraíochtaí a mhaoinítear ag Scéim Dheontais na Seirbhíse Óige	47	0	**47**
Grúpaí in eagraíochtaí nach maoinítear ag Scéim Dheontais na Seirbhíse Óige	0	5	**5**
Iomlán	**47**	**5**	**52**

Líon iomlán na ndaoine óga atá rannpháirteach	2,509
Líon iomlán na gceannairí deonacha	659
An tsuim iomlán a chaitear ar dheontais	€33,438
Oiliúint	€2,421

Maoiniú RLGÓ 2016

Ainm/Cineál an Deontais	Luach Maoinithe/Deontais	Bronnta ar/Deontaí
Saintionscadal don Óige (STÓ) RLGÓ	€56,562	SÓDC Chill Airne
Saintionscadal don Óige RLGÓ	€83,615	SÓDC Lios Tuathail
Saintionscadal don Óige RLGÓ	€76,517	SÓDC Oileán Ciarraí
Saintionscadal don Óige RLGÓ	€177,729	SÓDC Thrá Lí
Lárionad Eolais Óige RLGÓ (LEÓ)	€110,167	LEÓ Thrá Lí & Chill Airne
Caibidil a hAon RLGÓ (Deontas Trealaimh)	€19,899	SÓDC Thrá Lí
Caibidil a hAon RLGÓ	€ 7,675	SÓDC Lios Tuathail
Caibidil a hAon RLGÓ	€18,676	SÓDC Oileán Ciarraí
Caibidil a Dó RLGÓ (Oibreacha Struchtúrtha)	€50,001	SÓDC Thrá Lí
Scéim Dheontais Chlub Óige Áitiúil RLGÓ	€35,910	Clubanna Óige & grúpaí Óige

BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚNA (BO&O)

I 2016 chuir BOO Chiarraí fáilte roimh cheapadh an Stiúrthóra Bhreisoideachais agus Oiliúna, an tUasal Owen O´Donnell. Cabhróidh an ceapadh seo le BOO Chiarraí le leabú na n-athruithe suntasacha sin a raibh ar an earnáil BO&O aghaidh a thabhairt uirthi le blianta beaga anuas agus comhtháthú breise iarSholáthar Oiliúna SOLAS. I 2016 sholáthair muid cláir BO&O ar fud an Chontae do 12,743 foghlaimeoir.

CLÁIR AGUS TACAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA 2016

- Oideachas Bunata Aosach (Litearthacht)
- Oiliúint Phrintíseachta
- Oiliúint Chumaisc
- Nascoiliúint agus Bunoiliúint
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)
- Oideachas Pobail
- Lárionaid Oideachais Pobail
- BCTE
- Oiliúint Tráthnóna
- Clár Ranganna Oíche
- DTOBA
- IAT
- Soláthróirí Sainoiliúna
- Oiliúint Sainscileanna
- Ógtheagmháil
- SDOG
- Oiliúint Oiliúna
- Seirbhís Chiarraí um Threoir & Faisnéis d´Aosaigh (SCTFA)

PRÍOMHSTAITISTICÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA 2016

FET PROVISION IN 2016		Estimate of Inputs in 2016				Estimate of Outputs in 2016		
		Number of Beneficiaries			Funding	Retention	Completion	Accreditation
Provider	Provision Type	Enrolled/ Started on 1st January 2016	Starting Courses During 2016	Beneficiaries of FET Provision in 2016	Funding for FET Provision in 2016	*Percentage of starters retained on their course during 2016	*Percentage of retained learners/ beneficiaries scheduled to finish courses in 2016	*Accreditation rate for learners/ beneficiaries completing courses in 2016
Kerry ETB	Full Time	1,565	2,353	3,918	€17,817,597	98.13%	50.08%	74.90%
	Part Time	1,404	2,104	3,508	€2,970,224	94.82%	98.29%	52.02%
	Community Education	0	2,310	2,310	€418,000	100.00%	100.00%	0.00%
	ETB FET Operational Costs including Guidance Services				€3,854,179			
		2,969	6,767	9,736	€25,060,000			

*Bainte as Plean Seirbhíse SOLAS 2016

TAIRBHITHE PLEANÁILTE AGUS TAIRBHITHE IARBHÍRE BOO CHIARRAÍ 2016

Clár	Tairbhithe Pleanáilte	Tairbhithe Iarbhíre
Oideachas Bunata Aosach (Litearthacht)	875	1,546
Oiliúint Phrintíseachta	288	300
Oiliúint Chumaisc	14	14
Nascoiliúint agus Bunoiliúint	101	133
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)	1,230	2,442
Oideachas Pobail	2,310	3,192
Lárionaid Oiliúna Pobail	68	66
BCTE	235	501
Oiliúint Tráthnóna	927	936
DTOBA	45	24
IAT	1,569	1,483
Uaireanta Comhoibrithe BO&O	79	80
Athlonnú Teifeach	58	70
Soláthróirí Sainoiliúna	156	179
Oiliúint Scileanna Sonracha	821	838
Ógtheagmháil	249	224
SDOG	341	298
Oiliúint Oiliúna	289	274
Teagasc Deonach Litearthachta	59	143
IOMLÁN	**9,714**	**12,743**

LÁRIONAD OILIÚNA BOO CHIARRAÍ 2016

Soláthraíonn Lárionad Oiliúna BOO Chiarraí cúrsaí lánaimseartha, páirtaimseartha agus tráthnóna i réimsí den chineál seo: Teicneolaíocht Chumarsáide Faisnéise, Meáin Chumarsáide, Fuinneamh Inathnuachana, Cúram Sláinte, Foirgníocht agus Innealtóireacht.

KERRY ETB TRAINING CENTRE

Lárionad Oiliúna BOO Chiarraí
Eastát Tionsclaíoch Mhóin an Bhaile, Trá Lí, Co. Chiarraí
Fón: 066 7126444
Ríomhphost: training@kerryetbtrainingcentre.ie
Suíomh Idirlín: www.kerryetbtrainingcentre.ie

Bainisteoir:	Owen O'Donnell/ Nora O'Callaghan
Bainisteoir Cúnta:	Nora O'Callaghan/Christy Enright
Tairbhithe:	Thart ar 2,650

Cláir:
Cúrsaí Lae d´Aosaigh: Cúrsaí Oiliúna; Printíseachtaí; Cúrsaí Tráthnóna/Oíche; Oiliúint Phobail
Cúrsa Nua: Teicneoir Suiteála Snáthoptaice
Printíseacht Chearpantóireachta agus Siúinéireachta tugtha isteach arís

An Clár Iarardteistiméireachta (IAT)

Is é atá i gcúrsa IAT ná cúrsa lánaimseartha lae a mhaireann bliain amháin nó dhá bhliain, ó Mheán Fómhair go Bealtaine agus a dheimhnítear ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ, ar tugadh CDBOO air roimhe seo). Níl na cúrsaí seo oscailte do na daltaí sin amháin atá díreach tar éis an Ardteistiméireacht a chríochnú, ach freisin aon duine ar mian leis nó léi filleadh ar an mBreisoideachas. Soláthraíonn BOO Chiarraí cláir IAT ó cheithre choláiste.

Coláiste Breisoideachais Chiarraí (CBOC)
An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Fón: 066 7121741
Ríomhphost: info@kerryfe.ie
Suíomh Idirlín: www.kerryfe.ie

Príomhoide Gníomhach:	Carmel Kelly
Cláir: **25 lánaimseartha Leibhéal 5** **6 lánaimseartha Leibhéal 6**	Teicneoir Cuntasaíochta, Bainistiú Gnó, Riarachán Oifige, Slándáil, Eolaíocht Ríomhaireachta, Ilmheán, Teiripe Scéimhe, Altranas, Cúram Leanaí, Staidéar Sóisialta, Fáilteachas, Spóirt agus Caitheamh Aimsire, Cúntóir Tréidliachta, Innealtóireacht, Foirgníocht, Dearadh Troscáin, Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

North Kerry College of further education

Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh (CBOCT)
Lios Tuathail, Co. Chiarraí.
Fón: 068 21023
Ríomhphost: info@northkerrycollege.ie
Suíomh Idirlíon: www.northkerrycollege.ie

Príomhoide: **Leasphríomhoide:**	Stephen Goulding Eva Enright/Iseult Glynn
Cláir:	Cúram Ainmhithe, Ealaín, Gnó, Cúram Leanaí, Foirgníocht, Cultúr & Oidhreacht, Innealtóireacht, Eolaíocht Bhia, Gruagaireacht, Cúram Sláinte, Scileanna Marcaíochta, Altranas, Riarachán Oifige, Teicneolaíocht Cheoil, Eolaíocht, Forbairt Bhogearraí, Spóirt & Caitheamh Aimsire

Coláiste na Sceilge
Cathair Saidhbhín

Coláiste na Sceilge
Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí.
Fón: 066 9473335
Ríomhphost: info@colaistenasceilge.ie
Suíomh Idirlíon: www.colaistenasceilge.ie

Príomhoide: **Leasphríomhoide:**	John O'Connor Ann Marie Killen
Cláir:	Spóirt, Caitheamh Aimsire agus Aclaíocht, Dámhachtain DCCÉ Leibhéal 5, Turasóireacht le Gnó Dámhachtain DCCÉ Leibhéal 6

KILLARNEY COMMUNITY COLLEGE	**Coláiste Pobail Chill Airne** An Bóthar Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí. **Fón**: 064 6632164 **Ríomhphost**: kcccom@iol.ie **Suíomh Idirlíon**: www.killarneycommunitycollege.ie	
	Príomhoide: **Leasphríomhoide:**	Fiona O'Brien/Stella Loughnane Stella Loughnane/Eilish O'Leary
	Cláir:	Riarachán Oifige Dámhachtain DCCÉ Leibhéal 5 & Teastas Comhpháirte Dámhachtain DCCÉ Leibhéal 6

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) & Lárionaid Ógtheagmhála

Tugann Scéimeanna Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) deis do dhaoine fásta dífhostaithe le filleadh ar an oideachas lánaimseartha gan a gcuid sochar Leasa Shóisialaigh a chailleadh. Soláthraíonn scéim SDOG raon cúrsaí le freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna na ndaoine dífhostaithe. Tugann sí deis do na rannpháirtithe a leibhéal ginearálta oideachais a fheabhsú, deimhniúchán a fháil, a gcuid scileanna a fhorbairt agus ullmhú don fhostaíocht/don féinfhostaíocht agus do bhreisoideachas agus oiliúint. Tá ceithre Lárionad SDOG ag BOO Chiarraí.

Príomhstaitisticí SDOG 2016
Deimhniúchán
➢ Bhain thart ar 67% Mórdhámhachtainí amach
➢ Bhain thart ar 32% Dámhachtainí Comhpháirte amach
Dul chun Cinn
➢ Chuaigh thart ar 26% ar aghaidh go BO/AO
➢ Chuaigh thart ar 31% ar aghaidh go fostaíocht íoctha de chineál éigin mar chatagóir iomlán
➢ Chuaigh thart ar 23% ar aghaidh go fostaíocht scéime

SDOG Chill Airne
1 Urlár, Teach an Eidhneáin, Carrchlós na Sráide Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí.
Fón: 064 6637757
Ríomhphost: killarneyvtos@eircom.net
Suíomh Idirlíon: www.killarneyvtos.ie

Comhordaitheoir:	Mary O'Connor

Buaicphointí:
I 2016, dhírigh SDOG Chill Airne ar an tábhacht a bhaineann le sláinte intinne dhearfach agus d´éirigh siad níos gníomhaí sa réimse seo le tionscnamh na brataí ÓMRAÍ. Bronntar an BHRATACH ÓMRACH ar eagraíochtaí a ghlacann páirt ann mar chomhartha aitheantais den iarracht agus den tiomantas a dhéantar maidir le tuiscint agus feasacht níos mó a chruthú i dtaca le ceisteanna sláinte intinne. Forbraíodh seo ag Suicide Aware agus tá i gceist leis daoine de gach aois agus iad ag forbairt agus ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí a chothaíonn sláinte intinne dhearfach.

SDOG agus Ógtheagmháil Chiarraí Theas
An Lóiste, Sráid an Mhargaidh, Cill Orglan, Co. Chiarraí.
Fón: 066 9762748
Ríomhphost: vtossouthkerry@eircom.net
Suíomh Idirlíon: www.kerryetb.ie/programmes_fulltime

Comhordaitheoir:	Joe Brennan

Buaicphointí:
I Mí Mhárta, ghlac SDOG/ÓT Chiarraí Theas faoi phróiseas an Phlean Mheasúnaithe agus Fheabhsúcháin Lárionad (PMFL) a sholáthair seans an clár a mheasúnú mar fhoireann agus aiseolas a lorg ó scoileanna agus lárionaid áitiúla chomh maith le daltaí reatha agus iardhaltaí.
Chuir daltaí ó Chill Orglan agus ó Thrá Lí i gcrích tionscadail scríbhneoireachta cruthaithí mar chuid dá gcúrsa cumarsáide, agus bhí roinnt daltaí páirteach i dTaispeántas Ealaíon Kfest.

SDOG Thrá Lí **Teach an Eolais, An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí.** Fón: **066 7121041** Ríomhphost: **traleevtos@eircom.net** Suíomh Idirlíon: **www.traleevtos.ie**	
Comhordaitheoirí:	Jim Crowley agus Mary Sheehy

Buaicphointí:
D´oscail SDOG Thrá Lí a chuid doirse do dhaltaí nua chéad bhliana DCCÉ Leibhéal 3 & 4 agus do dhaltaí Ardteistiméireachta, ag cur fáilte ar ais ag an am céanna roimh dhaltaí an dara bliain.
Rinneadh lón Dámhachtainí a óstáil ar 23 Meán Fómhair agus fuair gach dalta Teastais mar chomhartha ómóis dá ngnóthachtáil san Ardteistiméireacht, DCCÉ Leibhéal 4 agus DCCÉ Leibhéal 5.

SDOG Lios Tuathail Coláiste Pobail Lios Tuathail, Cliabhrach, Lios Tuathail, Co. Chiarraí. **Fón**: 068 21023 **Ríomhphost**: vtos@northkerrycollege.ie **Suíomh Idirlíon**: www.northkerrycollege.ie	
Comhordaitheoir:	Rena Liston

Buaicphointí:
Bhain daltaí ó ranganna Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 Fiontraíochta úsáid as a gcuid scileanna fiontraíochta chun cistí a bhailiú do charthanais.

Ionaid Oideachais d´Aosaigh

Tá ceithre Ionad Oideachais d´Aosaigh ag BOO Chiarraí atá lonnaithe go straitéiseach ar fud an Chontae, agus iad ag soláthar cúrsaí le freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí ó DCCÉ Leibhéal 1 - 6. Soláthraíonn na hIonaid Oideachais seo d´Aosaigh Clár cuimsitheach cúrsaí BO&O d´fhoghlaimeoirí. Tá san áireamh sa soláthar an méid seo:

- Oideachas Bunata Aosach
- Oideachas Pobail
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Ranganna Féinmhaoinithe

Ionad Oideachais d´Aosaigh Neidín Ardán an Chloig, Neidín, Co. Chiarraí. **Fón**: 064 6641157 **Ríomhphost**: info@kenmareaec.ie **Suíomh Idirlíon**: www.kenmareaec.ie	
Bainisteoir:	Michael Broderick

Gníomhaíochtaí Ealaínbhunaithe, Cultúrbhunaithe, Pobalbhunaithe
Eoin Dé, Ionad Eolais do Shaoránaigh, Infhostaitheacht Chiarraí, An Líonra Náisiúnta Foghlama, Club na bPost, Grúpa Ban Neidín, Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir, Riachtanais Speisialta, Unislim, TUS, Teagasc, Seirbhís Meabhairshláinte Chiarraí, Cosaint Shibhialta, CHEP, Aosú Dearfach, Oiliúint Daonáirimh, Taispeántas Ealaíne, Aonach na Nollag, An Chros Dhearg.

Ionad Oideachais Uí Chonaill
Bóthar Chárthainn, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí.
Fón: 066 9472414
Ríomhphost: info@oconnellcentre.ie
Suíomh Idirlíon: www.oconnellcentre.ie

Bainisteoir:	Sinead Geary

Buaicphointí:

TFO
Mórdhámhachtain DCCÉ i gCúram Sláinte Leibhéal 5:
- Cúram an Duine Bhreacaosta
- Ag Tuiscint Riachtanas Speisialta
- Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
- Garchabhair ag an Obair
- Ag Tuiscint Sláinte Intinne
- Scileanna Cúraim
- Cúntóireacht Riachtanas Speisialta

Mórdhámhachtain DCCÉ i TFC & Gnó Leibhéal 4:
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Iontráil Sonraí

Mórdhámhachtain DCCÉ i TFC & Gnó Leibhéal 3:
- Scileanna Idirlín

Oideachas Pobail
- Scileanna Coiste. Cócaireacht Shláintiúil. Cócaireacht mar Chúramóir. Ríomhairí Bunúsacha. Péintéireacht. Forbairt Phearsanta. Garraíodóireacht. Piarthacaíocht.

Oideachas Aosach (féinmhaoinithe)
- Péintéireacht. Pilates. Tai Chi.

Ionad Pobail, Ealaíon & Oideachais Tech Amergin
An Coireán, Co. Chiarraí.
Fón: 066 9478956
Ríomhphost: manager@techamergin.com
Suíomh Idirlíon: www.techamergin.com

Bainisteoir:	Susan Walsh

Buaicphointí:
Eagraíonn Ionad Pobail, Ealaíon agus Oideachais Tech Amergin raon leathan cuimsitheach cúrsaí don phobal áitiúil chomh maith le clár rialta imeachtaí ealaíne.

Clár 2016:
Litearacht Aosach & Oideachas Bunata, TFO agus Oideachas Pobail. Soláthraíonn Tech Amergin cláir féinmhaoinithe freisin a chlúdaíonn raon leathan caitheamh aimsire agus cúrsaí gairmiúla.

Imeachtaí Ealaíne & Cultúrtha i 2016: san iomlán d´fhreastail 1,698 ball den phobal ar na himeachtaí éagsúla: taispeántais, ceadail cheoil agus ceolchoirmeacha, scannáin (idir scannáin chomhaimseartha agus chlasaiceacha) agus amharclannaíocht/drama.

Ionad Oideachais d´Aosaigh An Tóchair An Tóchar, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7131977 **Ríomhphost**: antochar@eircom.net **Suíomh Idirlíon**: www.antochar.ie	
Bainisteoir:	Nora Knapp
Clár 2016 Féinmhaoiniú **TFO** Oideachas Pobail Oiliúint Tacaíodh le grúpa áitiúil pobail le grúpa chéad fhreagróirí a bhunú. Soláthraíodh oiliúint dífhibrileora agus tá an grúpa bunaithe anois agus uainchlár acu, le cinntiú go bhfuil chéad fhreagróir le fáil ag deireadh fóin ainmnithe sa phobal. Bronnadh deontais Mhícheáil Uí Riagáin ar dhaltaí sa chúrsa comhairliúcháin. Imeachtaí Ealaíne & Cultúrtha i 2016: d´fhreastail baill an phobail ar léachtaí, ar dhrámaí, ar ghrúpaí drámaíochta éagsúla, agus ar imeachtaí de chuid Comhaltais.	

Clár an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)

Soláthraíonn TFO cláir bhreisoideachais pháirtaimseartha do dhaoine óga agus d´aosaigh. Is é aidhm TFO ná deis a thabhairt do dhaoine ar mhaith leo filleadh ar an bhfoghlaim a gcuid scileanna agus eolais a nuashonrú ar bhealach solúbtha. Cuireann cur chuige páirtaimseartha solúbtha TFO i dtaca le deimhniúchán ar chumas na bhfoghlaimeoirí filleadh ar an bhfoghlaim a mheascadh le tiomantais teaghlaigh agus eile. Déantar beartú tosaíochta de na daltaí sin nár chomhlánaigh go rafar a n-oideachas larbhunscoile fós. Tairiscíonn na cúrsaí rochtain ar dheimhniúchán ag DCCÉ Leibhéal 3 go 6 tríd an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuireann cur chuige solúbtha ar chumas na ndaltaí creidmheasanna a mhéadú thar am agus cáilíochtaí aitheanta a bhaint amach.

Clár an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO) Centrepoint, Bóthar John Joe Mhic Shíthigh, Trá Lí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7193900; **Ríomhphost**: mmarshall@kerryetb.ie **Suíomh Idirlíon**: www.kerryetb.ie	
Comhordaitheoir TFO:	Marianne Marshall
I measc na gclár a bhí ann i 2016 tá:	
Cúram Leanaí	Leibhéal 5 & 6
Cúram Sláinte	Leibhéal 5
Fótagrafaíocht Dhigiteach	Leibhéal 3 - 5
Ealaíona, Ceardaíocht & Dearadh	Leibhéal 3 - 5
Cúram Ainmhithe	Leibhéal 5
Adhmadóireacht	Leibhéal 3 - 5

An Clár Litearthachta d´Aosaigh agus Oideachais Bhunata (OBA)

Is seirbhís atá saor in aisce agus rúnda é Clár OBA agus atá ann ar mhaithe le haosaigh ar mian leo a gcuid léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe agus uimhearthachta a fheabhsú, nó rud beag a fhoghlaim faoi ríomhairí. Is féidir le foghlaimeoirí teagasc aghaidh ar aghaidh a bheith acu nó bheith ina gcuid de ghrúpa beag. Is féidir le foghlaimeoirí socrú cad é is mian leo

bheith ag obair air agus bheith ag foghlaim ag luas a oireann dóibh féin. Soláthraíonn Clár OBA cúrsaí neamhdheimhnithe, agus cúrsaí DCCÉ Leibhéil 2 agus 3 sna réimsí seo a leanas: Léigh, Scríobh, Litrigh, Uimhearthacht, Foghlaim Teaghlaigh, Teicneolaíocht, Forbairt Phearsanta, BCTE Béarla ag BCTE Leibhéal 1 agus 2, Oiliúint Feasachta Litearthachta, Litearthacht Théamúil,Oiliúint Oide Dheonaigh, agus Oideachas Ionad Oibre.

Tá na hocht ionad OBA suite sna háiteanna seo: Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, an Daingean, Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí.

Clár OBA Áras an Phobail, Croílár na Mistéalach, Trá Lí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7124114; **Ríomhphost**: kesabemt@eircom.net **Suíomh Idirlíon**: www.kerryetb.ie/literacy	
Comhordaitheoir:	Aoife McCormack
➢ Ghlac oidí BCTE páirt i modúil ITPL. ➢ Forbraíodh clár le freastal a dhéanamh ar riachtanais na 11 theaghlach a athlonnaíodh go Ciarraí faoin gclár um athlonnú na dteifeach. ➢ Forbraíodh cúrsaí le freagra a thabhairt ar riachtanais áitiúla, m.sh. Seacht Nós atá ag Foghlaimeoirí An-Éifeachtacha (Neidín); Scileanna Infhostaitheachta (Cill Airne). ➢ **Erasmus + Soghluaisteacht:** Fuarthas maoiniú le FGL a sholáthar d´oidí agus ELA.	

Oideachas Pobail

Tá sé mar aidhm ag Clár Oideachais Pobail BOO Chiarraí cláir oideachais a sholáthar atá ar fáil go háitiúil agus atá freagrach do riachtanais an phobail áitiúil. Forbraítear cláir atá inrochtana, cuimsitheach agus iomchuí go cultúrtha i gcomhar leis an bpobal áitiúil. Is é atá i gceist leis an gClár Oideachais Pobail ná foghlaim a tharlaíonn sa phobal agus a chuimsíonn prionsabail an chumasaithe, an bhreithniúcháin, na tuisceana comhchoitinne, an cheartais shóisialta agus an chomhionannais rochtana.

Oideachas Pobail Centrepoint, Bóthar John Joe Mhic Shíthigh, Trá Lí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7193900; **Ríomhphost**: mahoulihan@kerryetb.ie **Suíomh Idirlíon**: www.kerryetb.ie	
Éascaitheoir Oideachais Pobail:	Michelle Ann Houlihan
➢ Seachadadh thart ar 300 cúrsa in thart ar 100 ionad. ➢ Thacaigh oideachas pobail le haosaigh maidir le teacht a bheith acu ar bhreisoideachas trí SPIDAS, lena n-áirítear cúrsa faoi intreoir don chomhairleoireacht. ➢ Seachadadh cúig chúrsa faoi oideachas Piarmheantóireachta agus Téarnaimh ➢ Seachadadh ocht gcúrsa tuismitheoireachta i 2016 ➢ Seachadadh cúig chúrsa mata thionscadail do thuismitheoirí ➢ Seachadadh deich gcúrsa i gComhpháirtíocht leis an Tionscadal Sláinte Shóisialta agus Oideachais i gCiarraí. ➢ Seachadadh trí chúrsa scileanna coiste agus bhí ionadaithe ann ó 15 ghrúpa pobail agus deonach.	

Seirbhís Treorach agus Eolais Aosaigh Chiarraí (STEAC)

Bunaíodh STEAC mar chuid den Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh (TTOA). Soláthraíonn STEAC eolas neamhchlaonta faoi oideachas aosach, treoir aghaidh ar aghaidh agus treoir ghrúpa, le cuidiú le haosaigh roghanna oideachasúla, gairme agus saoil a dhéanamh a bhfuil bonn eolais fúthu. Soláthraíonn TTOA treoir oideachasúil agus gairmthreoir

do na daoine sin atá i spriocghrúpaí ainmnithe. Tá an tSeirbhís Eolais Treorach ar fáil do gach duine fásta i gCiarraí.

Seirbhís Treorach agus Eolais Aosaigh Chiarraí (STEAC) Centrepoint, Bóthar John Joe Mhic Shíthigh, Trá Lí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7193900 **Ríomhphost**: rstein@kerryetb.ie **Suíomh Idirlíon**: www.kerryetb.ie	
Comhordaitheoir:	Rico Stein

- D´eagraigh agus d´óstáil muid an Lá bliantúil Cur i Láthair Idireagraíochtúil faoi Threochtaí, Riachtanais agus Moltaí Cliaint, ina raibh breis is 33 chlár i gceist.
- D´fhoilsigh muid Treochtaí, Riachtanais agus Moltaí Cliaint STEAC 2016
- D´fhorbair agus d´oscail muid Ionad Faisnéise Cliaint STEAC

OIDEACHAS & OILIÚINT SPÓIRT & TIMPEALLACHTA

	Ionad Oideachais & Oiliúna Lasmuigh Cheapaigh na Lao (IOOL) Abhlach Thiar, Loch na Cárthaí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 9769244 **Ríomhphost**: info@cappanalea.ie **Suíomh Idirlíon**: www.cappanalea.ie	
	Bainisteoir:	Donal Dowd
	Laethanta Daltaí:	Thart ar 21,075

Buaicphointí:

- I 2016, d´fhorbair IOOL Cheapaigh na Lao tuilleadh a chuid clár rafar óige – CampAbility agus Turas Fiántais 5 Lá do dhaltaí an timthriaill shinsearaigh ó iarbhunscoileanna BOO Chiarraí.
- D´óstáil an tIonad mórimeacht chorparáideach neartaithe foirne i gCill Airne, agus an Dúshlán Cumhachta ag díriú ar an saol lasmuigh.
- Cuireadh i gcrích an Plean Straitéiseach cúig bliana, agus 85% de na spriocanna curtha i gcrích nó curtha i gcrích cuid mhór.

Seachadann IOOL eilimintí oideachasúla ar an gCuraclam Náisiúnta ag leibhéil bhunscoile agus iarbhunscoile i réimsí ábhair den chineál seo: Corpoideachas; Eolaíocht Bhunscoile; Faigh amach faoi Eolaíocht; Eolaíocht Shóisearach; Tíreolaíocht; Bitheolaíocht/Éiceolaíocht agus OSPS.

Cuireann an tIonad freisin le Cláir Náisiúnta Oideachais na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. Tá Ceapadh na Lao páirteach i dTionscnaimh Náisiúnta Oideachais le cúrsaí a dhíríonn ar an Litearthacht agus ar an Uimhearthacht agus ar eilimintí an CSTS.

In earnáil an 3ú Leibhéal seachadann IOOL Cheapach na Lao modúil ag leibhéal an Teastais, an Dioplóma agus na Céime sa Bhitheolaíocht Fiadhúlra agus sa Staidéar Sláinte agus Caithimh Aimsire.

Bíonn IOOL Cheapach na Lao ag obair go rafar leis an earnáil IAT i gCláir Spóirt agus Caithimh Aimsire mar chuid dá obair Bhreisoideachais agus Oiliúna. Cuireann an tIonad le cláir SDOG

agus leis an TFO. I réimse an BO&O, tairiscíonn an tIonad oiliúint lánaimseartha ag DCCE Leibhéal 5 do na daoine sin ar mian leo tús a chur le gairm bheatha lasmuigh.

Trí Oideachas Pobail bíonn Ceapach na Lao ag obair le raon leathan grúpaí pobail agus daoine aonair. Bíonn cúrsaí éagsúil sa tslí go gcuimseoidh siad an raon is leithne clár agus gníomhaíochtaí. Cuireann an t-ionad a chuid cúrsaí in oiriúint chun freastal a dhéanamh ar thorthaí sonracha foghlama a iarrtar ag cliaint, bíodh cliaint ón tseirbhís óige, ón tseirbhís sláinte, ón earnáil chorparáideach nó scoileanna teanga i gceist. Tá IOOL Cheapach na Laeo tiomanta do bheith ag soláthar deiseanna spóirt lasmuigh agus gníomhaíochta fisiciúla do dhaoine a bhfuil míchumais acu; tá saineolas sonrach acu sa réimse seo, agus tairiscíonn siad raon roghanna le freastal a dhéanamh ar ghrúpaí ar leith cliaint.

Killarney National Park Education Centre Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Áirne	**Ionad Oideachas Pháirc Náisiúnta Chill Airne (IOPNCA)** **Fón**: 064 6635960 **Ríomhphost**: knpeducationcentre@ahg.gov.ie **Suíomh Idirlíon**: www.killarneynationalpark.ie/educentre	
	Stiúrthóir Staidéir Allamuigh:	Chris Barron
	Laethanta Daltaí:	Thart ar 11,835

Is eintiteas neamhbhrabúis é Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne, agus é á reáchtáil faoi chomhchoimirce BOO Chiarraí agus na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Cláir:

- Campaí Cásca, Campaí Samhraidh & Campaí Samhna Comhshaoil
- Laethanta Bliantúla Earraigh, Scoile & Bithéagsúlachta
- Siúlóidí Treoraithe, Turasanna, Taispeántais Sleamhnán agus Treodóireacht
- Gníomhaíochtaí Corparáideacha
- Grúpaí Óige

Buaicphointí:

- Bronnadh an 2ú Bratach Ghlas ar IOPNCA
- Threisigh sé a chuid nasc le hinstitiúidí 3ú leibhéal, ag obair i réimsí na bitheolaíochta fiadhúlra agus na turasóireachta comhshaoil.

Spórt & Caitheamh Aimsire

Tralee Regional Sports & Leisure Centre	**Ionad Réigiúnach Spórt agus Caithimh Aimsire Thrá Lí** Lios Dara, Trá Lí, Co. Chiarraí. **Fón**: 066 7126442 **Ríomhphost**: info@traleesportscomplex.ie **Suíomh Idirlíon**: www.traleesportscomplex.ie	
	Bainisteoir an Ionaid:	Liam Bohan/ Finbar Griffin

Osclaíodh Ionad Réigiúnach Spórt agus Caithimh Aimsire Thrá Lí ar 23 Deireadh Fómhair 1976. Fiontar suaithinseach comhoibríoch atá ann idir BOO Chiarraí agus Comhairle Contae Chiarraí.

Is é Bord Stiúrthóirí na Cuideachta (Cuideachta Réigiúnach Spórt agus Caithimh Aimsire Thrá Lí) atá freagrach as rialachas agus as bainistiú laethúil an ionaid in éineacht le bainisteoir agus foireann an ionaid. Cuimsíonn an t-ionad ilchuspóra an coincheap “Spórt do Chách”, iad ag

tabhairt idir luach airgid agus rochtain leanúnach do bhaill an phobail, do ghrúpaí spóirt, do scoileanna agus do choláistí.

Le linn 2016 cuireadh tús le hoibreacha ar athstruchtúrú na cuideachta agus ar athbhreithniú bhunreacht na cuideachta le BOO Chiarraí agus le Comhairle Contae Chiarraí, ag obair ar bhonn comhoibríoch leis na rudaí sin a bhaint amach.

Is é an t-ionad seo an phríomháis spóirt do dhá iarbhunscoil de chuid BOO Chiarraí agus do Choláiste Breisoideachais Chiarraí. Úsáidtear é do sholáthar na modúl uiscíochta don chúrsa Staidéir Sláinte & Caithimh Aimsire blianta 1 go 3 in Institiúid Thrá Lí Theicneolaíochta. Bíonn an t-ionad ag reáchtáil freisin clár snámha bunscoileanna le linn na bliana do bhreis is 20 scoil i dTrá Lí agus sna ceantair máguaird.

Sainaithníodh uasghrádú urlár na spórtlainne, limistéar an ghiomnáisiam agus an tsuíochánra mar phríomhthosaíochtaí d´fhorbairt an lárionaid sa todhchaí.

Cuid 3: Rialachas Corparáideach agus Airgeadas

Cuimsíonn Rialachas Corparáideach na córais agus na nósanna imeachta sin trína ndéantar eintitis a stiúradh agus a rialú. Ní mór do chomhlachais stáit, lena n-áirítear na BOO, freastal a dhéanamh ar leasanna an cháiníocóra, bheith ag lorg luach airgid ina gcuid imeachtaí (lena n-áirítear riosca a bhainistiú go cuí), agus bheith ag gníomhú ar bhealach trédhearcach mar eintitis phoiblí. Tá an Bord (.i. an t-eintiteas a chuimsíonn baill thofa agus cheaptha BOO Chiarraí) freagrach agus cuntasach as treoir agus as rialú cuí BOO Chiarraí. Leagann an Cód Cleachtais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (Imlitir 18/2015) amach na prionsabail dea-rialachais agus bainistithe le gníomhaíochtaí na BOO a threorú.

An tAcht um Eiticí in Oifigí Poiblí (1995), An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (2001)

Tá iachall ar bhaill bhoird agus ar fhoireann ainmnithe Nochtuithe Leasanna bliantúla a sholáthar maidir le ceisteanna arbh fhéidir leo dul i bhfeidhm go hábhartha ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna. Cuireadh na nochtuithe do 2016 i gcrích agus nuair a bhain sin le hábhar cuireadh iad ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Seo a leanas baill Bhord BOO Chiarraí:

- 12 Ionadaithe Údaráis Áitiúil
- 2 Ionadaithe do na Tuismitheoirí
- 2 Ionadaithe Foirne
- 5 Ball Sainleasa

Tá sceideal foirmeálta feidhmeanna forchoimeádta ag an mBord faoi mar atá leagtha amach in Alt 12 den Acht um BOO 2013. Tá an Feidhmeannas freagrach as cur i bhfeidhm pleananna, bainistiú laethúil agus na feidhmeanna sin nach bhfuil forchoimeádta don Bhord.

Chas baill Bhord BOO Chiarraí ar a chéile 13 uair i 2016. Coimeádadh clár freastail. Tá taifead freastail na mBall ag na Cruinnithe Boird chomh maith le sonraí a gcuid costas leagtha amach ar leathanach 32 den tuarascáil seo. Fuair na baill clár oibre agus doiciméid roimh na cruinnithe. Coimeádtar agus glactar le miontuairiscí mar thaca do chruinnithe BOO; scaiptear gach cur i láthair a dhéantar ag na cruinnithe ar na Baill go leictreonach, tar éis na gcruinnithe, do chuspóirí tagartha. Bhí na cruinnithe seo a leanas sceidealaithe i 2016.

25 Eanáir 2016	3 Bealtaine 2016	3 Deireadh Fómhair, 2016
15 Feabhra 2016 (Níor baineadh córam amach)	20 Meitheamh 2016	28 Samhain 2016
3 Márta, 2016	19 Meán Fómhair 2016	20 Nollaig 2016
21 Márta 2016	24 Deireadh Fómhair 2016	
23 Bealtaine, 2016	7 Samhain, 2016 (Níor baineadh córam amach)	

Coistí

Tá roinnt Coistí bunaithe ag an mBord, lena n-áirítear Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais, de réir riachtanais Ailt 45 d´Acht BOO 2013.

An Coiste Iniúchóireachta

Baill an Choiste Iniúchóireachta le linn 2016	
Maria O'Gorman	BOO Chiarraí
An Cmhlr. Terry O'Brien	BOO Chiarraí
An Cmhlr. Dianne Nolan	BOO Chiarraí
Donal Fitzgibbon	Seachtrach
John O'Connor	Seachtrach
Tim Buckley	Seachtrach
Ted Fitzgerald	Seachtrach

Chas baill an Choiste Iniúchóireachta ar a chéile ar na dátaí seo a leanas i 2016:

22 Aibreán 2016	21 D. Fómhair 2016
10 Bealtaine 2016	14 Samhain 2016
31 Bealtaine 2016	16 Nollaig 2016
2 M. Fómhair 2016	

An Coiste Airgeadais

Baill an Choiste Airgeadais le linn 2016	
An Cmhlr. Séamus Cosaí Fitzgerald	BOO Chiarraí
An Cmhlr. Jim Finucane	BOO Chiarraí
An Cmhlr. Jimmy Moloney	BOO Chiarraí
Hilary Scanlan	Seachtrach
Karen Gearon	Seachtrach

Chas baill an Choiste Airgeadais ar a chéile ar na dátaí seo a leanas i 2016:

25 Aibreán 2016	5 Deireadh Fómhair 2016
7 Meitheamh 2016	21 Deireadh Fómhair 2016
25 Iúil 2016 – Oiliúint don Choiste Airgeadais	28 Samhain 2016

An tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014

Tháinig an tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014 i bhfeidhm ar 15 Iúil 2014. Soláthraíonn an tAcht seo creatlach inar féidir le hoibrithe a gcúis imní a chur in iúl maidir le héagóir a d´fhéadfadh a bheith i gceist agus a tugadh faoi deara acu san ionad oibre, agus a fhios acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí má ghearrtar pionós acu ag a bhfostóir nó má bhíonn siad thíos leis as sin a dhéanamh.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag BOO Chiarraí, a spreagfaidh oibrithe, in éineacht leis an reachtaíocht, le héagóir a d´fhéadfadh a bheith i gceist a thuairisciú agus a fhios acu go bpléifear go dáiríre lena gcúis imní agus go ndéanfar í a imscrúdú, nuair is cuí sin, agus go léireófar meas dá rúndacht.

Cuireann an polasaí béim air go bhfuil sé i gcónaí oiriúnach cúis imní a chur in iúl agus í bunaithe ar thuiscint réasúnta, is cuma má aimsítear éagóir ina dhiaidh sin nó mura n-aimsítear. Cuireann an polasaí treoir ar fáil d´oibrithe freisin maidir le conas a gcúis imní a chur in iúl.

Baineann an polasaí seo le feidhm i gcás oibrithe ar fad de chuid BOO Chiarraí, lena n-áirítear conraitheoirí, sainchomhairleoirí, foireann ghníomhaireachta, iarfhostaithe agus lucht intéirneachta/oiliúnaithe.

De réir fhorálacha an Achta um Nochtuithe Cosanta 2014, tá an tOifigeach Gnóthaí Corparáideacha ceaptha ag BOO Chiarraí le nochtuithe cosanta a fháil.

Tuarascáil Bhliantúil na Nochtuithe Cosanta 2016

Tuarascáil Bhliantúil BOO Chiarraí faoi mar a éilítear ag alt 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014. Deimhníonn BOO Chiarraí nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta go deireadh 2016. Dá bharr sin ní raibh ar BOO Chiarraí aon ghníomhaíocht a dhéanamh maidir le Nochtuithe Cosanta.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht ghinearálta ag an mBord as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar le hais míráiteas nó caillteanais ábhartha. Tacaítear leis an mBord ag an mbord feidhmiúcháin atá freagrach ar bhonn laethúil as cur i bhfeidhm an chórais rialuithe inmheánacha. Cuireann an Bord i gcrích athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha, nuair a fhaigheann sé agus nuair a chuireann sé san áireamh tuarascáil óna Choiste Iniúchta. Tá BOO Chiarraí faoi réir freisin ag iniúchadh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII-BOO).

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú trí na rudaí seo a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistithe agus foirne a shainmhíniú go soiléir
- Nósanna imeachta a bhunú do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí.
- Bunú nósanna imeachta chun gach riosca a aimsiú agus a mheasúnú arbh fhéidir leis cosc a chur ar BOO maidir lena chuid cuspóirí a bhaint amach. Is cuid rialta den bhainistiú laethúil é riosca a aimsiú agus a mheasúnú.

Tá an córas rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar:

- Nósanna imeachta mionsonraithe riaracháin.
- Deighilt dualgas.
- Údaruithe sonracha.

Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus faoi athbhreithniú éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ag:

- Obair an Choiste Iniúchóireachta agus an Choiste Airgeadais.
- An bPríomhOifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as an gcreatlach rialaithe airgeadais.
- Moltaí a dhéantar ag an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste.

PÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

De réir na scálaí pá sin a fhaomhaítear ag an Roinn Oideachais agus Scileanna íocadh €115,756 don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (gan ÁSPC an fhostóra a chur san áireamh) sa bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016. Íocadh ÁSPC an fhostóra ar luach €2,503 freisin.

Níor thug an POF faoi aon taisteal thar lear do chuspóirí gnó BOO le linn na tréimhse.

Is ball de Scéim Aoisliúntais earnála poiblí neamh-mhaoinithe sochair shainithe é an POF agus ní théann na teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha sin atá ar fáil faoin scéim.

COSTAIS BHAILL AN BHOIRD

Íoctar costais do bhaill an Bhoird as taisteal chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Seo a leanas na costais chomhiomlána a íocadh do gach ball sa bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016:

Ball Boird	Cruinnithe Reachtúla	Boird Agallaimh	Freastal ar Chomhdhál-acha/ Seimineáir	Eile (Fóram BOOÉ)	BB /Eile	Iomlán	Líon Cruinn-ithe Boird
	€	€	€	€	€	€	
An Cmhlr. John Brassil*					10	**10**	0/2
Brid McElligott	284	-	-	-	88	**372**	6/13
An Cmhlr. Aoife Thornton	371	334	-	-	210	**915**	6/13
An Cmhlr. Damien Quigg	784	2,345	-	-	128	**3,257**	11/13
An Cmhlr. Diane Nolan	596	488	-	-	168	**1,252**	10/13
An Cmhlr. Jim Finucane (Cathaoirleach)	642	1,703	752	3,632	-	**6,729**	13/13
An Cmhlr. Jimmy Moloney	357	-	-	-	57	**414**	8/10
Cmhlr. John Francis Flynn	660	-	-	-	-	**660**	8/13
An Cmhlr. Michael Cahill	610	-	-	-	148	**758**	6/13
An Cmhlr. Norma Foley	284	-	-	-	-	**284**	8/13
An Cmhlr. Norma Moriarty	836	1,607	-	-	54	**2,497**	9/13
Cmhlr. Séamus Fitzgerald	1,141	221	558	-	412	**2,332**	11/13
An Cmhlr. Terry O'Brien	365	297	-	-	182	**844**	9/13
An Cmhlr. Toiréasa Ferris	599	-	-	-	-	**599**	12/13
Debbie Brosnan**	459	-	-	-	-	**459**	4/5
Eugene Moriarty	548	-	-	-	69	**617**	10/13
An tAth. Gearoid Godley	430	-	-	448	170	**1,048**	10/13
Francisse Walsh	243	-	-	-	26	**269**	7/8
Hugh O'Connell	729	-	-	1,422	180	**2,331**	12/13
Leonard O'Donnell	203	-	-	-	122	**325**	5/13
Maria O'Gorman	777	1,566	323	-	543	**3,209**	11/13
Mary McGillycuddy	538	333	-	-	493	**1,364**	7/13
MaryAnn Slattery	486	-	-	-	32	**518**	12/13
Iomlán	**11,942**	**8,894**	**1,633**	**5,502**	**3,092**	**31,063**	**-**

***D´éirigh an Cmhlr. John Brassil as tar éis dó bheith tofa mar TD**
****Debbie Brosnan - athrú mar Ionadaí na dTuismitheoirí**

Straitéis Airgeadais

Is é cuspóir na feidhme Airgeadais ná tacú leis an mBord maidir le baint amach, gan an buiséad a shárú, de na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse. Tá mar chuid den tacaíocht airgeadais tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach airgid phoiblí, próiseáil idirbhirt agus cuntasacht reachtúil.

Cuntasacht Reachtúil

Baineann riachtanais diana chuntasachta le feidhm i gcás BOO Chiarraí. Tá mar chuid de na riachtanais seo ullmhú ráiteas bliantúil airgeadais i bhfoirm a fhorordaítear ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le hiniúchadh na gcuntas seo ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá i gceist leo Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, Cuntas Oibriúcháin, Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dliteanas Reatha agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Tá córais rialaithe airgeadais in áit le comhlíontacht na riachtanas seo a chinntiú agus le baint amach éifeachtach chuspóirí a chinntiú.

Rinneadh iniúchadh agus faomhadh ar na cuntais do 2016 ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cloíonn BOO Chiarraí lena chuid dualgas faoi na dlíthe cánachais agus cinntíonn sé go n-íoctar gach dliteanas cánach ar nó roimh na dátaí ábhartha dlite, faoi mar atá siad leagtha amach faoi Alt 27 den Chód Cleachtais do Rialachas BOO Chiarraí.

Achoimriú Airgeadais

Maoinítear BOO Chiarraí go príomha ag ROS do sheachadadh a sholáthair iarbhunscoile agus ag SOLAS agus ROS do chláir bhreisoideachais agus bhreisoiliúna.

Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Deireadh
31 Nollaig 2016

	Bliain dar deireadh 31/12/2016
	€
FÁLTAIS	
Deontais Scoileanna & Ceannoifige	23,232,315
Deontais Bhreisoideachais agus Bhreisoiliúna	24,226,739
Deontais do Sheirbhísí Tacaíochta na nDaltaí	28,818
Deontais Seirbhísí Óige	330,971
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	2,801,930
Caipiteal	403,974
Comhfhiontar	33,000
	51,057,747
ÍOCAÍOCHTAÍ	
Scoileanna & Ceannoifig	22,735,091
Breisoideachas & Breisoiliúint	24,063,094
Seirbhísí Tacaíochta na nDaltaí	43,632
Seirbhísí Óige	324,582
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	2,753,359
Caipiteal	954,203
Comhfhiontar	28,001
	50,901,961
Farasbarr / (Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse	155,786
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha eile	(199,526)
Farasbarr / (Easnamh) Ioncaim Fhabhraithe don Tréimhse	(43,740)
Farasbarr / (Easnamh) Ioncaim ag 01/01/2016	(64,078)
Farasbarr / (Easnamh) Ioncaim ag 31/12/2016	(107,818)

Giorrúcháin

ELA	Eagraí Litearthachta d´Aosaigh
BOO	Boird Oideachais & Oiliúna
TFO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
ARC&C	Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
ÉOP	Éascaitheoir Oideachais Pobail
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
ITLM	Iarratais agus Tuairisciú maidir le Leithdháileadh Maoinithe
BO&O	Breisoideachas agus Oiliúna
CDBOO	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
DTOBA	Dianteagasc in Oideachas Bunata Aosach
TS	An Teastas Sóisearach
CSTS	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
ATF	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
GAT	Gairmchlár na hArdteistiméireachta
CFL2	Clár Foghlama Leibhéal a Dó
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
IAT	An Iarardteistiméireacht
DC	Dearbhú Cáilíochta
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
CTCF	Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
TRSO	An Tionscnamh um Riachtanais Speisialta Oideachais
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
SAÓ	Saintionscadail don Aos Óg
IB	An Idirbhliain
CIB	Clár na hIdirbhliana
MSU	Meastóireacht ar an Scoil Uile